



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2014

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Cuntasaíocht

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis foilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

AN ARDTEISTIMÉIREACHT CUNTASAÍOCHT 2014

AISTRÍÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA ARD LEIBHÉAL

RÉAMHRÁ

Tá na réitigh agus an scéim mharcála do Chuntasaíocht Gnáthleibhéal ceangailte leis seo.

Tá na marcanna a leithdháiltear do gach líne/figiúr aibhsithe agus léirithe i lúibíní mar seo.
[6]

Suimítear na marcanna do gach roinn/leathanach agus léirítear i gcearnóg mar seo iad.

40

Bíonn réitigh chuntasaíochta ríomhaireachtúil go príomha agus bíonn formhór na bhfigiúirí comhdhéanta de níos mó ná comhpháirt amháin. Mura bhfuil figiúr mar an gcéanna leis an réiteach, déanann na scrúdaitheoirí anailís ar chomhdhéanamh fhigiúr an iarrthóra agus dáileann siad roinnt marcanna do gach eilimint a bhí i gceart. Chun é seo a éascú, nuair is cuí, taispeántar comhdhéanamh na bhfigiúirí in oibríochtaí atá ceangailte leis an réiteach.

I roinnt ceisteanna Cuntasaíochta is féidir le hiarrthóirí roinnt cuir chuige agus formáidí malartacha a úsáid go bailí (e.g. Is féidir leis an Ráiteas Imréitigh Bainc tosú leis an bhfigiúr ráiteas bainc nó leis an iarmhéid chuntas bainc coigeartaithe). Tá na réitigh a sholáthraítear anseo bunaithe ar na cur chuigí a ghlacann formhór múinteoirí/iarrthóirí leo agus níl malairtí san áireamh. I gcásanna ina mbíonn gá le réiteach malartach, soláthraítear é do na scrúdaitheoirí, le gur féidir lán mharcanna a bhaint amach do chóireáil cuntasaíochta atá i gceart.

Uaireanta braitheann an réiteach ar pháirt amháin de cheist ar an bhfreagra a ríomhadh i bpáirt eile den cheist sin. Sa chás go mbíonn ríomh i roinn (a) mícheart, cuirtear é sin san áireamh i ranna a thagann ina dhiaidh sin.

Cuntasaíocht – Ardleibhéal 2014

Ceist 1

(a)

75

Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2013 [1]

		€	€	€
Díolacháin				695,000 [2]
Lúide Costas díolachán				
Stoc 1/1/2013		64,200 [2]		
Móide Ceannacháin	W1	<u>503,250</u> [12]		
		567,450		
Lúide Stoc 31/12/2013	W2	<u>(84,000)</u> [5]		(483,450)
Ollbhrabús				211,550
Lúide Speansais				
Riarachán				
Páitinn díscríofa	W3	8,230 [5]		
Tuarastail agus speansais ghinearálta	W4	87,400 [9]		
Cíos		10,000 [2]		
Árachas		5,750 [2]		
Dímheas – Foirgnimh	W5	<u>12,800</u> [3]	124,180	
Díol agus Dáileadh				
Fógraíocht		2,500 [2]		
Caillteanas ar dhíol veain	W6	14,000 [6]		
Dímheas – Veain seachadta	W7	9,450 [5]		
Lascaine		<u>1,800</u> [2]	<u>27,750</u>	(151,930)
				59,620
Móide Ioncam Oibriúcháin				
Drochfhiach aisghafa				<u>800</u> [2]
				60,420
Móide Ioncam infheistíochta				<u>2,250</u> [4]
				62,670
Lúide Ús morgáiste	W8			<u>(8,325)</u> [5]
Glanbhrabús				<u>54,345</u> [6]

(b)

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2013

	Costas €	Dímheas Carntha €	Glanmhéid €	Iomlán €
Sócmhainní Seasta Doláimhsithe Paitinní				32,920 [4]
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe				
Foirgnimh W9	720,000 [1]		720,000	
Veaineanna Seachadta W10 & 11	<u>96,000</u> [2]	<u>11,450</u> [3]	<u>84,550</u>	
	<u>816,000</u>	<u>11,450</u>	<u>804,550</u>	804,550
Sócmhainní Airgeadais Infheistíochtaí 8%				<u>100,000</u> [2] 937,470
Sócmhainní Reatha				
Stoc		84,000 [2]		
Féichiúnaithe W12		48,600 [2]		
Ioncam infheistíochta dlite W13		<u>1,500</u> [3]	134,100	
Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin				
Creidiúnaithe W14		115,250 [6]		
Banc W15		15,600 [3]		
CBL		4,200 [2]		
ÁSPC/MSU W16		1,800 [2]		
Ús morgáiste dlite		<u>9,000</u> [2]	(145,850)	<u>(11,750)</u> <u>925,720</u>
Maoinithe ag Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin [1]				200,000 [2]
Morgáiste				
Caipiteal agus Cúlchistí				
Caipiteal			530,000 [1]	
Cúlchiste Athluachála W18			187,800 [3]	
Glanbhrabús			<u>54,345</u>	
			772,145	
Tarraingtí W17			<u>(46,425)</u> [4]	<u>725,720</u>
Caipiteal in Usáid				<u>925,720</u>

Ceist 1 – Oibriú amach

1.	Ceannacháin	$530,400 + 4,000 - 30,000 + 1,250 - 2,400$	503,250
2.	Stoc deiridh	$80,000 + 4,000$	84,000
3.	Paitinní (Cuntas Brabúis agus Caillteanais) $(40,400 + 750) * 5$		8,230
	Paitinní (Clár Comhardaithe) $(40,400 + 750) - 8,230$		32,920
4.	Tuarastail agus speansais ghinearálta $90,000 - [2,000 + 600]$		87,400
5.	Dímheas ar Fhoirgnimh	$2\% \times \text{€}640,000$	12,800
6.	Caillteanas ar dhíol veain	$40,000 - 16,000 - 10,000$	14,000
7.	Dímheas ar Veaineanna Seachadta	$5,000 + 1,000 + 3,450$ $9,000 + 450$ $2,250 + 7,200$ $5,000 + 1,000 + 3,450$	9,450
8.	Ús Morgáiste	$8,400 + 2,700 - 2,775$ $1,500 + 600 + 9,000 - 2,775$	8,325
9.	Foirgnimh	$640,000 + 80,000$	720,000
10.	Veaineanna seachadta ar chostas	$90,000 + 46,000 - 40,000$	96,000
11.	Soláthar in aghaidh dímheasa – veaineanna	$12,000 + 9,450 - 10,000$ 11,450	
12.	Féichiúnaithe	$50,000 - 1,400$	48,600
13.	Ioncam Infheistíochta dlite	$2,250 - 750$	1,500
14.	Creidiúnaithe	$110,000 + 4,000 + 1,250$	115,250
15.	Banc	$16,400 - 800$	15,600
16.	ÍMAT/ÁSPC	$3,800 - 2,000$	1,800
17.	Tarraingtí	$41,250 + 2,775 + 2,400$	46,425
18.	Cúlchiste Athluachála	$80,000 + 95,000 + 12,800$	187,800

Pionós: Lúide 2 x 1 marc mar gheall ar 2 ceannteideal fagtha ar lár as an cuntas Brabúis agus Caillteadais.

(a)

Réiteach an bhrabúis oibriúcháin leis an nglansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	€	
Brabús Oibriúcháin	185,000	[2]
Muirear dímheasa don bhliain	60,000	[3]
Cailteanas ar dhíol innealra	25,000	[5]
Méadú ar stoc	(23,000)	[2]
Méadú ar fhéichiúnaithe	(8,000)	[2]
Méadú ar chreidiúnaithe	<u>5,000</u>	[2]
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<u>244,000</u>	[2]

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID d'Ó Dúill cpt don bhliain dar chríoch 31/12/2013

	€	€	
Gníomhaíochtaí oibriúcháin			
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		244,000	
Toradh ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas [1]			
Ús ar bhintíúir íoctha		(13,000)	[3]
Cáin			
Cáin chorparáide íoctha		(40,000)	[3]
Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais [1]			
Infheistíochtaí	(20,000)	[2]	
Íocaíocht chun sócmhainní seasta inlámhsithe a fháil	(75,000)	[2]	
Fáltais ó dhíol sócmhainní seasta	<u>30,000</u>	[2]	(65,000)
Díbhinní cothromais íoctha [1]			
Díbhinní a íocadh le linn na bliana		<u>(60,000)</u>	[1]
Glan- insreabhadh airgid roimh acmhainní leachtacha agus maoiniú		66,000	[2]
Bainistiú acmhainní leachtacha [1]			
Ceannach urrús rialtais		(20,000)	[1]
Maoiniú [1]			
Aisíocaíocht bintiúir	(80,000)	[1]	
Fáltas ó eisiúint scaireanna	20,000	[1]	
Fáltas ó scairbhiseach	<u>4,000</u>	[1]	<u>(56,000)</u>
Laghdú ar airgead		<u>(10,000)</u>	[4]

An glansreabhadh airgid a réiteach leis an athrú ar na glanfhiacha

Laghdú ar Airgead sa tréimhse	(10,000)	[1]
Airgead a úsáideadh chun Urrúis Rialtais a cheannach	20,000	[1]
Airgead a úsáideadh chun Bintiúir a cheannach	<u>80,000</u>	[1]
Athrú ar Ghlanfhiacha	90,000	
Glanfhiacha 1/1/2013	<u>(232,000)</u>	[1]
Glanfhiacha 31/12/2013	<u>(142,000)</u>	[1]

(b)

(i) [6]

Ghin Ó Dúill cpt €9,000 [€244,000 - €185,000] níos mó d'insreabhadh airgid sa bhliain mar:

Tháinig laghdú ar bhrabús mar thoradh ar dhímheas €60,000 agus ar chailteanas €25,000 ar dhíol innealra ach ní dheachaigh siad i bhfeidhm ar insreabhadh airgid.

Tá méadú €5,000 ar insreabhadh airgid mar thoradh ar mhéadú ar chreidiúnaithe le linn na bliana ach níl tionchar ar bith aige sin ar bhrabús.

Ina theannta sin, chuir na méaduithe €8,000 agus €23,000 ar fhéichiúnaithe agus ar stoc faoi seach sa bhliain le laghdú ar ghlan-insreabhadh airgid ach ní théann siad i bhfeidhm ar bhrabús.

(ii) [3]

Oibleagáidí Cuntasaíochta ar chuideachta mhór phoiblí

Cuntais iomlána, clár comhardaithe iomlán agus ráiteas faoi shreabhadh airgid a chur ar fáil do scairshealbhóirí ag a CGB

Cuntas iomlána agus clár comhardaithe iomlán a chomhdú/a chlárú leis an gclárúitheoir cuideachtaí Nótaí míniúcháin leis na cuntais seo a chur ar fáil

Ní mór a cuntais a bheith iniúchta

Ní mór di tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid scairshealbhóirí na cuideachta ag a CGB. Ba cheart tuarascáil an stiúrthóra, tuarascáil an iniúcháir agus na cuntais fhoilsithe a bheith san áireamh sa tuarascáil seo.

Ceist 2 – Oibriú amach

Dímheas

Soláthar in aghaidh dímheasa ar innealra 1/1/2013	250,000
Móide muirear Dímheasa don bhliain ar innealra	<u>40,000</u>
	290,000
Lúide soláthar in aghaidh Dímheasa ar innealra 31/12/2013	<u>270,000</u>
Dímheas ar inneall diúscartha	<u>20,000</u>

Cailteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta

Costas ar inneall diúscartha - [495,000 – 420,000]	75,000
Dímheas ar inneall diúscartha	<u>20,000</u>
Luach de réir na leabhar	55,000
Lúide fáltais ó dhíol	<u>30,000</u>
Cailteanas ar dhiúscairt	<u>(25,000)</u>

Cáin

Cáin dlite 31/12/2012	75,000
Cáin don bhliain 2013	<u>45,000</u>
	120,000
Lúide cáin dlite 31/12/2013	<u>(80,000)</u>
Cáin íoctha	<u>40,000</u>

Ús

Ús dlite 31/12/2012	
Ús don bhliain 2013	<u>16,000</u>
	16,000
Lúide ús dlite 31/12/2013	<u>(3,000)</u>
Ús íoctha	<u>13,000</u>

Ceist 3

(a)

36

Cuntas Brabúis agus Cailteanais Danner cpt don bhliain dar chríoch 31/12/2013

	€	
Láimhdeachas	1,770,000	[2]
Costas Díolachán	<u>1,004,500</u>	[4]
Ollbhrabús	765,500	
Costais Dáileacháin	(311,750)	[4]
Speansais Riaracháin	<u>(309,250)</u>	[6]
	144,500	
Ioncam oibriúcháin eile	<u>44,000</u>	[3]
Brabús Oibriúcháin	188,500	
Ioncam Infheistíochta	3,500	[2]
Brabús ar dhíol talún	<u>20,000</u>	[2]
	212,000	
Ús iníoctha	<u>(17,500)</u>	[2]
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin [1]	194,500	
Cáin	<u>(90,000)</u>	[1]
	104,500	
Díbhinní íoctha	<u>(22,000)</u>	[1]
	82,500	
Brabús tugtha ar aghaidh an 1/1/2013	<u>41,000</u>	[2]
Brabús tugtha ar aghaidh an 31/12/2013	<u>123,500</u>	[6]

Oibriú amach

1. Costas Díolachán (82,000+1,000,500 – 90,000 +12,000)	1,004,500
2. Costais dáileacháin 260,000 + 3,750 + 48,000	= 311,750
3. Speansais riaracháin 230,000 + 50,000 +15,000 + 3,000 + 11,250	= 309,250
4. Ioncam Oibriúcháin eile 30,000 + 3,000 + 11,000	44,000
5. Ioncam infheistíochta 2,000 + 1,500	= 3,500
6. Dímheas ar Fhoirgnimh 2% x 750,000 = 15,000. 25% = 3,750. 75% = 11,250	
7. Dímheas ar Fheithiclí 20% x 240,000	= 48,000

(b)

9

(i) [3]

Caithfidh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh i dTuarascáil an Stiúrthóra:

- An méid a aistríodh chuig cúlchistí.
- Tuairisc faoi aon athruithe ar chineál ghnó na cuideachta le linn na bliana.
- Léargas cóir ar fhorbairt ghnó na cuideachta le linn na bliana agus ar an staid ag deireadh na bliana.
- Príomhghníomhaíochtaí na cuideachta agus aon athruithe istigh inti.
- Sonraí faoi aon imeachtaí tábhachtacha atá ag dul i bhfeidhm ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana.
- Aon fhorbairtí dóchúla sa ghnó sa todhchaí.
- Léiriú ar ghníomhaíochtaí sa réimse taighde agus forbartha.
- Athruithe suntasacha ar shócmhainní seasta.
- Sonraí faoi scaireanna dílse a ceannaíodh.
- Liosta d'fhochuideachtaí agus de chleamhnaithe na cuideachta.
- Measúnú ar an dóigh a bhfuil an chuideachta ag comhlíonadh a ráitis sábháilteachta.
- Sonraí faoi scairshealbha na stiúrthóirí agus faoi dhéileálacha na stiúrthóirí le linn na bliana

(ii) [6]

Mír Eisceachtúil: Mír ábhartha de mhéid shuntasach is ea í. Is brabús **nó** cailteanas é nach mór a léiriú ar leithligh sa Chuntas Brabúis agus Cailteanais mar gheall ar a mhéid.
Sampla: Brabús nó cailteanas ar dhíol sócmhainne seasta nó drochfhiach mór.

1. Nótaí polasaí cuntasáíochta. [4]

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Athluacháladh na foirgnimh ag deireadh 2013 agus cuireadh san áireamh iad sna cuntais de réir a suime athluacháilte.

Ríomhtar an dímheas d'fhonn luach nó costas na sócmhainní seasta inláimhsithe a dhíscríobh thar a saolré eacnamaíoch fhónta a mheastar mar seo a leanas:

Foirgnimh 2% méid cothrom sa bhliain

Veaineanna seachadta 20% den chostas

Stoic – Déantar stoic a luacháil ar bhonn is túisce isteach is túisce amach ag a gcostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

2. Brabús Oibriúcháin [2]

Socraítear an brabús oibriúcháin tar éis an mhéid seo a leanas a ghearradh:

Dímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe	63,000
Paitinn amúchta	12,000
Luach saothair na Stiúrthóirí	50,000
Táillí na n-iniúcháirí	15,000

3 Sócmhainní Seasta Airgeadais [2]

	1/1/2013	31/12/2013
Infheistíochtaí luaite	250,000	250,000
Infheistíochtaí neamhluaite	<u>70,000</u>	<u>70,000</u>
	<u>280,000</u>	<u>280,000</u>

Ba é €10,000 an luach ar an margadh maidir leis na hinfheistíochtaí luaite an 31/12/2013.

Ba é €60,000 luacháil an stiúrthóra ar na hinfheistíochtaí neamhluaite an 31/12/2013.

4 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe [7]

	Talamh agus Foirgnimh	Costas feithiclí	Iomlán
Sócmhainní			
Luach 1/1/2013	860,000	240,000	1,100,000
Diúscairt	(110,000)	----	(110,000)
Barrachas athluachála	<u>150,000</u>	-----	<u>150,000</u>
Luach ag 31/12/2013	<u>900,000</u>	<u>240,000</u>	<u>1,140,000</u>
Dímheas			
Iarmhéid 1/1/2013	81,000	25,000	106,000
Muirear dímheasa don bhliain	<u>15,000</u>	<u>48,000</u>	<u>63,000</u>
	96,000	73,000	169,000
Aistriú ar athluacháil	<u>(96,000)</u>	-----	<u>(96,000)</u>
Dímheas	----	<u>73,000</u>	<u>73,000</u>
Glanluach de réir na leabhar 1/1/2013	779,000	215,000	994,000
Glanluach de réir na leabhar 31/12/2013	900,000	167,000	1,067,000

Ceist 4

(a)

24

Cuntas Rialúcháin Creidiúnaithe Coigeartaithe

	€		€
Iarmhéid t/a	490 [2]	Iarmhéid t/a	63,552 [1]
Nóta creidmheasa (vi)	313 [4]	Lascaine nár ceadaíodh (ii)	330 [4]
Iarmhéid t/s	63,819	Ús (iii)	50 [4]
		Ceannacháin (iv)	180 [4]
		Táille athstocála (v)	20 [4]
		Iarmhéid t/s	490 [1]
	<u>64,622</u>		<u>64,622</u>
Iarmhéid t/a	490	Iarmhéid t/a	63,819

(b)

28

Sceideal Iarmhéideanna na gCuntas Creidiúnaithe

	€	€
Iarmhéid de réir liosta Creidiúnaithe		61,892 [4]
Móide		
Ceannacháin airgid (i)	890 [3]	
Lascaine nár ceadaíodh (ii)	330 [4]	
Ús (iii)	61 [4]	
Sonrasc (iv)	<u>860 [4]</u>	<u>2,141</u>
		64,033
Asbhain		
Coigeartú Nóta Creidmheasa (v)	360 [4]	
Nóta Creidmheasa (vi)	<u>344 [4]</u>	<u>(704)</u>
Iarmhéid Glan de réir an Chuntais Rialúcháin choigeartaithe		<u>63,329 [1]</u>

(c)

8

(i) **Mír Contra [4]**

Is é is mír contra ann ná fritháireamh féichiúnaí in aghaidh creidiúnaí nuair is duine/gnólacht amháin é an creidiúnaí agus an féichiúnaí

(ii) **Is féidi Iarmhéid Tosaigh €490 a tharlú tré: [4]**

- Aisíocaíocht iomlán féich a dtagann nóta creidmheasa (aschuir nó laghdú) ina diaidh nó iocaíocht iomlán a dtagann lascaine ina diaidh.
- Ró-íocaíocht féich.

Ceist 5

(a)

50

(i) **Díolacháin ar airgead**

$$\frac{\text{Féichiúnaithe x 12}}{\text{Díolacháin chreidmheasa}} = 2 \quad \text{Díolacháin chreidmheasa} = \frac{43,000 \times 12}{2}$$

$$\text{Díolacháin Chreidmheasa} = \text{€}258,000$$

$$\text{Díolacháin airgid} = \text{€}50,000 - \text{€}258,000 = \text{€}692,000 \quad [12]$$

(ii) **Toradh ar Chaipiteal in Úsáid**

$$\frac{\text{Brabús roimh ús x 100}}{\text{Caipiteal in úsáid}} = \frac{\text{€}65,000 \times 100}{\text{€}792,000} = 8.21\% \quad [8]$$

(iii) **Tuilleamh in aghaidh na scaire**

$$\frac{\text{Glanbhrabús tar éis díbhinn tosaíochta}}{\text{Líon na ngnáthscaireanna}} = \frac{\text{€}47,000 - \text{€}5,000}{\text{€}50,000} = 12 \text{ cent} \quad [10]$$

(iv) **Toradh Díbhinne**

$$\frac{\text{Díbhinn in aghaidh na scaire x 100}}{\text{Praghas Margaidh}} = \frac{10c \times 100}{130c} = 7.69\% \quad [12]$$

(v) **An tréimhse chun praghas a aisghabháil**

$$\frac{\text{Praghas margaidh}}{\text{Díbhinn in aghaidh na scaire}} = \frac{130}{10c} = 13 \text{ bliana} \quad [8]$$

(b) Iarratas ar Iasacht Bhainc**Brabúsacht [6]**

Tá an chuideachta brabúsach ach níl sí chomh brabúsach in 2013 agus a bhí sí in 2012. Tá laghdú ar an Toradh ar Chaipiteal in Úsáid (ROCE) ó 10.1% anuas go 8.21%. Tá sé seo níos lú ná an t-ús 9% atá le muirearú ar an iasacht. Bheadh ar an mbainisteoir a cheistiú cad chuige a bhfaighidh an chuideachta iasacht ag 9% más é 8.21% an Toradh ar Chaipiteal in Úsáid (ROCE) sa chuideachta.

Leachtacht [6]

Tá an fhíorthástáil 0.45:1 an-lag. Tá sé seo imithe i léig ó 0.90:1 in 2012. Tá deacracht mhór leachtachta ag Sionainn cpt. Níl ach 45c de shócmhainní leachtacha ar fáil aici maidir le gach €1 atá dlite sa ghearrthéarma a íoc. Éireoidh an deacracht leachtachta níos measa má thugtar an iasacht. Beidh deacracht ag an gcuideachta aisíocaíochtaí úis a dhéanamh má leanann an treocht reatha ar aghaidh. B'ionann an t-ús bliantúil ar an iasacht agus €1,500.

Giaráil [6]

Tá an chuideachta pas beag os cionn an phointe gearála neodraí ag 50.5% [1.02 le 1] agus is féidir a rá go bhfuil sí ard-ghiaráilte anois. D'éirigh an ghiaráil seo níos neamhfhabhraí tar éis éirí ó 48% go 50.5%. Éireoidh an ghiaráil níos measa má thugtar iasacht €350,000. D'ardódh an ghiaráil leis an iasacht go 65.67% [1.91 le 1]. Tá laghdú tagtha ar an gcumhdach úis ó 4 huair anuas go 3.61 uair. Éireoidh an cumhdach seo i bhfad níos measa má thugtar iasacht €350,000.

Urrús [6]

Déantar na sócmhainní seasta a luacháil ar a gcostas ag €790,000, ach ba cheart an beartas dímheasa a cheistiú le fíorluach na sócmhainní inlámhsithe a fháil amach. Ba cheart luach na sócmhainní dolámhsithe a cheistiú freisin. Tá luach margaidh €200,000 ar na hInfheistíochtaí ach cosnaíonn siad €110,000. Tá €300,000 tugtha d'urrú na mbintúir cheana féin. Is é €480,000 luach na sócmhainní seasta inlámhsithe de réir an chláir chomhardaithe; tá €80,000 fágtha tar éis urrús a thabhairt do bhintúir. Níl an t-urrús sách dóthanach.

Polasaí/Cumhdach Díbhinne [5]

Is é an cumhdach díbhinne 1.2 uair. Tá sé seo imithe i léig ó 1.25 uair in 2012. Tá an cumhdach díbhinne íseal agus éireoidh sé níos measa. Níl méid dóthanach de thuilleamh na cuideachta á choinneáil. Chuirfeadh sé seo aisíocaíocht na hiasachta i gcontúirt.

Earnáil [5]

Is sa Tionscal Tógála atá Sionain cpt. Táthar an-bhuartha faoin tionscal sna cúinsí reatha eacnamaíochta agus ní cúis spreagtha iad ionchais sa mheántéarma. Maidir le forbróirí réadmhaoine, tá deacrachtaí acu réadmhaoine a dhíol agus tá toradh iarmhartach aige seo ar an tionscal tógála agus is beag tógáil atá ar bun faoi láthair. Níl na hionchais dearfach sa ghearrthéarma mar gheall ar easpa maoiniúcháin. Is fearr ionchais fhadtéarmacha mar go bhfuil/go mbeidh éileamh níos mó ná soláthar.

Cuspóir na hIasachta [4]

Tá an iasacht ag teastáil le haghaidh fairsingiú sa todhchaí. Ba cheart go mbeadh an fairsingiú seo ní ba shonraí. Tá sé amhrasach cé acu a bheadh, nó nach mbeadh, Sionainn cpt in ann ioncam breise a ghiniúint le fónamh a dhéanamh ar an iasacht.

Conclúid [2]

Níor cheart don bhainisteoir bainc an iasacht a **dheonú** bunaithe ar na figiúirí thuas. Tá brabús laghdaitheach agus deacracht mhór leachtachta ag an gcuideachta. Cuideachta ardghiaráilte í, agus tá sí leochaileach i leith infheistíochtaí seachtracha dá bharr. Tá beartas díbhinní an-fhlaithiúil aici agus níl go leor brabúis á choinneáil sa ghnó.

(c) Leachtacht agus Sócmhainneacht

Tomhaiseann **leachtacht** cumas na cuideachta chun a fiacha gearrthéarmacha a íoc mar a bhíonn siad dlite. Dea-léiriú leachtachta is ea an cóimheas fíorthástála mar nach gcuirtear san áireamh ann ach sócmhainní leachtacha i.e. airgead agus féichiúnaithe. [5]

Is é is **sócmhainneacht** ann ná cumas na cuideachta a fiacha go léir a íoc mar a bhíonn siad dlite le hÍoc (fadtéarmach). Is í sócmhainneacht an léiriú is tábhachtaí ar chumas gnólachta leanúint i mbun gnó san fhadtéarma. Is sócmhainneacht a bheidh gnólachta má sháraíonn a shócmhainní iomlána a dhliteanas lasmuigh. Treoracha maithe is ea cóimheas fiachais le cothromas agus cóimheas fiachais iomláin le sócmhainní iomlána. [5]

(a)

Ráiteas Caipitil agus Cúlchistí ar 01/01/2013

Sócmhainní		€	€
Foirgnimh agus talamh (620,000 – 37,200)		582,800 [2]	
Trealamh (70,000 – 21,000)		49,000 [2]	
Feithiclí (90,000 – 54,000)		36,000 [2]	
Infheistíochtaí 5%		40,000 [1]	
Stoc sa siopa		3,400 [1]	
Stoc ola		1,900 [1]	
Glantachán ar conradh réamhíoctha		400 [1]	
Airgead sa bhanc		<u>6,000 [1]</u>	719,500
Dliteanais			
Creidiúnaithe do sholáthairtí		1,600 [1]	
Táillí cliant a íocadh roimh ré		6,000 [1]	
Iasacht		50,000 [1]	
Ús ar iasacht (12 mhí @ 400 sa mhí)		4,800 [2]	
Caipiteal Eisiithe		<u>450,000 [1]</u>	(512,400)
Cúlchistí 1/1/2013			<u>207,100 [1]</u>

(b)

Cuntas Brabúis agus Cailteanais an tSiopa don bhliain dar chríoch 31/12/2013

Fáltais siopa			45,000 [1]
Lúide Costas earraí díolta (3,400 + 28,000 – 1,400)			<u>30,000 [5]</u>
			15,000
Lúide speansais			
Solas agus teas		400 [1]	
Árachas		800 [1]	
Teileafón		500 [1]	
Pá agus tuarastail (40% x 22,000)		<u>8,800 [1]</u>	(10,500)
Brabús ón siopa			<u>4,500</u>

(c)

Cuntas Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2013

Ioncam		€	€
Brabús ón siopa		4,500	
Ioncam infheistíochta faighte		2,000 [1]	
Táillí cliant		<u>330,800 [5]</u>	337,300
Lúide Speansais			
Pá agus tuarastail (85,400 – 8,800)		76,600 [1]	
Árachas (6,800 – 800)		6,000 [1]	
Solas agus teas		4,660 [5]	
Ceannacháin – soláthairtí		36,300 [3]	
Ús iasachta		1,200 [1]	
Níochán éadaigh		2,500 [1]	
Teileafón (1,600 – 500)		1,100 [1]	
Dímheas – Foirgnimh		17,000 [1]	
Trealamh		8,500 [1]	
Feithiclí		19,900 [3]	
Caillteanas ar dhíol feithicle		3,000 [2]	
Glantachán ar conradh		<u>3,500 [3]</u>	(180,260)
Glanbhrabús don bhliain			157,040 [6]
Móide Cúlchistí 1/1/2013			<u>207,100 [1]</u>
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais 31/12/2013			<u>364,140</u>

(d)

Clár comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2013

	Costas €	Dímheas €	Glan €
Sócmhainní Seasta			
Foirgnimh agus talamh	900,000	-	900,000 [1]
Trealamh (70,000 + 15,000)	85,000 [2]	29,500 [2]	55,500
Feithiclé	109,000 [1]	45,900 [3]	63,100
	<u>1,094,000</u>	<u>75,400</u>	1,018,600
Infheistíochtaí			<u>40,000</u> [2]
			1,058,600
Sócmhainní Reatha			
Ioncam infheistíochta dlite	800 [2]		
Stoc deiridh – siopa	1,400 [1]		
ola	600 [1]		
Glantachán ar conradh réamhíoctha	500 [1]		
Táillí cliant dlite	800 [1]	4,100	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain			
Leictreachas dlite	360 [1]		
Éarlaisí cliant a íocadh roimh ré	6,500 [1]		
Banc	135,000 [1]		
Creidiúnaithe do sholáthairtí	2,500 [1]	(144,360)	(140,260)
			<u>918,340</u>
Maoinithe ag			
Scairchaipiteal agus Cúlchistí	Údaraithe	Eisithe	
Gnáthscaireanna	600,000 [1]	450,000 [1]	[2]
Cúlchiste Athluachála [54,200 + 50,000]		104,200 [3]	
Iarmhéid Brabúis agus Cailteanais		364,140 [2]	918,340
			<u>918,340</u>

(e)

6

Tá an tIonad brabúsach agus tá go leor airgid á ghiniúint aige chun an rótharraingt a ghlanadh gan aon bheart leasúcháin a dhéanamh a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar bhrabúsacht. Ní ardódh an méadú molta 15% ar tháillí cliant ach €49,620 bunaithe ar fhiigiúirí na bliana seo. Ní hionann sin ach trian amháin den rótharraingt €35,000 agus ní bheadh sé imleor mar sin de. Mar sin féin, d'fhéadfadh an méadú seo ar tháillí a bheith ina chúis le laghdú ar bhallraíocht a neascródh cailteanas ioncaim as.

Bunaithe ar fhiigiúirí na bliana seo, glanfar an rótharraingt faoi dheireadh na bliana seo chugainn gan aon bheart leasúcháin a dhéanamh anois. I mbliana, d'aisíoc an tIonad iasacht €50,000 móide ús €6,000 agus bhí caiteachas caipitil €295,000 aige (Trealamh €15,000, Síneadh €230,000, Feithiclé €50,000). Caiteachas neamh-athfillteach ar fad atá ann.

Bhí barrachas €157,040 ag an Ionad i mbliana agus is léir go bhfuil sé á reáchtáil go brabúsach agus go leanfaidh sé de bheith brabúsach. Is é 17.1% a thoradh ar chaipiteal in úsáid.

Oibriú amach

Táillí cliant	Méid faighte	330,500	
	Éarlaisí a íocadh roimh ré	6,000	
	Táillí dlite	800	
	Lúide táillí réamhíoctha	(6,500)	330,800
Solas agus teas	Méid íoctha	3,400	
	Stoc ola 1/1/2013	1,900	
	Leictreachas dlite	360	
	Stoc ola 31/12/2013	(600)	
	Táille a ghearrtar ar an siopa	(400)	4,660
Ceannacháin		35,400 + 2,500 – 1,600	36,300
Glantachán ar conradh		3,600 + 400 – 500	3,500

Ceist 7

54

(a)

	Dochar	Sochar
	€	€
(i) Cuntas féichiúnaithe	830 [2]	
Cuntas bainc		780 [2]
Cuntas lascaine a ceadaíodh - nár ceadaíodh		50 [2]
Cuntas bainc	83 [2]	
Cuntas drochfhiach	747 [2]	
Cuntas féichiúnaithe		830 [2]
<p>Taifeadadh an tseic obtha a fuair Ó Caingne agus an íocaíocht de 10 cent san € don chéad íocaíocht féich agus don íocaíocht deiridh féich araon [1]</p>		
(ii) Aschuir cheannachán	3,500 [2]	
Creidiúnaithe	11,500 [2]	
Fionraí		15,000 [3]
<p>Taifeadadh aschur na n-earraí agus nóta creidmheasa a chuimsíonn táille athstocála. [1]</p>		
(iii) Cuntas cíosa - (Cuntas Brabúis agus Caillteanais)	3,408 [2]	
Féichiúnaithe don Chuntas cíosa (Clár Comhardaithe)	852 [2]	
Cuntas caipitil		4,260 [2]
<p>Taifeadadh cistí príobháideacha a úsáideadh chun cíos dhá mhí dhéag a íoc don bhliain reatha agus cíos trí mhí a réamhíocadh. [1]</p>		
(iv) Cuntas coimisiún díolachán	3,000 [2]	
Cuntas creidiúnaithe (fógraíocht)	3,250 [2]	
Caipiteal		6,000 [2]
Cuntas lascaine a fuarthas		250 [2]
<p>Taifeadadh caipitil thugtha isteach a úsáideadh chun críche fiach a ghlanadh agus coimisiún a íoc [1]</p>		
(v) Cuntas feithiclí	8,800 [2]	
Cuntas caipitil		8,800 [2]
Cuntas tarraingtí	800 [3]	
Caillteanas ar bheart (diúscairt) – Cuntas B & C	500 [3]	
Cuntas fionraí	800 [3]	
Cuntas trealaimh		2,100 [3]
<p>Taifeadadh an chairr phríobháidigh a thug Ó Caingne don ghnólacht agus taifeadadh an reoiteora a tógadh mar pháirtíocaíocht [1]</p>		

(b)

6

	Cuntas Fionraí	
Difríocht bhunaidh	14,200 [2]	Creidiúnaithe/aschuir cheannachán (ii) 15,000 [2]
Trealamh (v)	800 [2]	
	<u>15,000</u>	<u>15,000</u>

(c)

Ráiteas maidir le Glanbhrabús Ceartaithe

	€	€
Glanbhrabús Bunaidh de réir na leabhar		87,200
Móide Lascaine nár ceadaíodh (i)	50 [1]	
Lascaine a fuarthas (iv)	<u>250</u> [1]	<u>300</u>
		87,500
Lúide Drochfhiacha (i)	747 [2]	
Aschuir Cheannachán (ii)	3,500 [1]	
Caillteanas ar bheart an Reoiteora (v)	500 [2]	
Cuntas cíosa (iii)	3,408 [1]	
Coimisiún díolachán (iv)	<u>3,000</u> [1]	<u>11,155</u>
Glanbhrabús Ceart		<u>76,345</u> [5]

(d)

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2013

	€	€	€
Sócmhainní Seasta			
Áitreabh		650,000 [1]	
Mótarfheithiclí (72,000 + 8,800)		80,800 [2]	
Trealamh (35,000 – 2,100)		<u>32,900</u> [2]	763,700
Sócmhainní Reatha			
Stoc (185,400 – 14,200)	171,200 [1]		
Féichiúnaithe (36,300 + 830 – 830)	36,300 [1]		
Airgead	1,500 [1]		
Cíos réamhíoctha	<u>852</u> [1]	209,852	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain			
Creidiúnaithe (58,500 – 11,500 – 3,250)	43,750 [2]		
Banc (32,000 + 780 – 83)	<u>32,697</u> [2]	(76,447)	<u>133,405</u>
			<u>897,105</u>
Maoinithe ag			
Caipiteal (810,000 + 4,260 + 8,800 + 6,000)		829,060 [3]	
Glanbhrabús Ceartaithe		<u>76,345</u> [1]	
		905,405	
Lúide Tarraingtí (7,500 + 800)		<u>8,300</u> [1]	<u>897,105</u>
			<u>897,105</u>

(e)

Earráidí i bhfigiúirí agus i suimiú

Gan ach taobh amháin den iontráil dhúbailte a phostáil

Suim amháin a iontráil ar thaobh an dochair i gcuntas mórleabhar amháin agus suim dhifriúil a iontráil ar thaobh an tsochair de chuntas mórleabhar eile.

Ceist 8

(a)

58


	€	€	In aghaidh an aonaid €
Díolacháin (16,000 aonad)		480,000	30.00
Lúide Costais Athraitheacha			
Ábhair dhíreacha	120,000		
Pá díreach	110,000		
Forchostas monarchan	20,000		
Forchostas riaracháin	<u>40,000</u>	<u>(290,000)</u>	<u>(18.125)</u>
Ranníocaíocht		190,000	11.875
Lúide Costais Sheasta			
Forchostas monarchan	40,000		
Forchostas riaracháin	<u>65,000</u>	<u>(105,000)</u>	
Glanbhrabús		<u>85,000</u>	

(i)

Pointe meá ar mheá $\frac{\text{Costais Sheasta}}{\text{CPU}} = \frac{105,000 \text{ [3]}}{11.875 \text{ [4]}} = \text{[3] } 8,843 \text{ aonad}$

Lamháil sábháilteachta $\text{Díolacháin} - \text{Pointe meá ar mheá} = \text{[2] } 16,000 - 8,843 \text{ [2]} = \text{[2] } 7,157 \text{ aonad}$

(ii) **Cairt mheá ar mheá [8]**



(iii) **Brabús ón bpraghas díola laghdaithe**

	€
Díolacháin (19,000 x 28.50)	541,500 [3]
Lúide costais athraitheacha (19,000 x 18.125)	<u>(344,375) [3]</u>
Ranníocaíocht	197,125
Lúide costais sheasta (105,000 + 5,000)	<u>(110,000) [3]</u>
Brabús	<u>87,125 [1]</u>

(iv) **Costais Sheasta** $\frac{\text{[2] } 105,000}{\text{[4] } 7.875 - 5.2 \text{ [4]}} = \text{[2] } 39,253 \text{ aonad}$

(v) **An brabús a dhéanfaidís as Praghas Díola €34**

Díolacháin	(17,000 x 34)	578,000	[2]
Lúide costais athraitheacha	(17,000 x 18.125 + 1.70 +1)	(354,025)	[6]
Ranníocaíocht		223,975	
Lúide Costais Sheasta		(105,000)	[2]
Brabús		<u>118,975</u>	[2]

(b)

(i)

22

Costáil Ionsúcháin

Díolacháin	(9,000 x 4)	36,000	[1]
Lúide costas táirgeachta (10,000 aonad)			
Ábhair Dhíreacha	(10,000 x €0.60)	6,000	[1]
Saothar Díreach	(10,000 x €0.50)	5,000	[1]
Forchostas Athraitheach	(10,000 x €)	4,000	[1]
Forchostas Seasta		<u>4,000</u>	[1]
		19,000	
Lúide Stoc Deiridh (1/10 x 19,000)		(1,900)	[1]
Brabús		<u>17,100</u>	
		<u>18,900</u>	

Costáil Imeachach

Díolacháin	(9,000 x 4)	36,000	[1]
Lúide Costas Táirgeachta (10,000 aonad)			
Ábhair Dhíreacha	(10,000 x 0.60)	6,000	[1]
Saothar Díreach	(10,000 x 0.50)	5,000	[1]
Forchostas Athraitheach	(10,000 x 0.40)	4,000	[1]
		<u>15,000</u>	
Lúide Stoc Deiridh (1/10 x 15,000)		(1,500)	[1]
Ranníocaíocht	[1]	22,500	
Lúide forchostais sheasta		(4,000)	[1]
Brabús		<u>18,500</u>	

(ii)

[6]

Tá difríocht sna figiúirí brabúis cionn is go ndéantar stoc deiridh a luacháil ar dhóigh dhifriúil.

Is ísle an luach atá ag stoc deiridh faoi chostáil imeallach ná faoi chostáil ionsúcháin.

Agus táirge á chostáil, ní chuirtear costais sheasta san áireamh i gcostáil imeallach, cé go gcuirtear na costais sheasta san áireamh i gcostáil ionsúcháin. Dá bhrí sin tá sciar de chostais sheasta san áireamh sa luach stoic faoi chostáil ionsúcháin agus nil sé san áireamh faoi chostáil imeallach.

Faoi chostáil ionsúcháin, déantar stoc deiridh a luacháil ag 1/10 den chostas táirgeachta €9,000

Faoi chostáil imeallach, déantar stoc deiridh a luacháil ag 1/10 den chostas athraitheach €15,000

Stoc Deiridh - Costáil Ionsúcháin	1,900
Stoc Deiridh - Costáil Imeachach	(1,500)
Difríocht	400

Is ionann an difríocht sa bhrabús agus $18,900 - 18,500 = 400$

[3]

Ba cheart costáil ionsúcháin a úsáid mar go dtagann sí le cleachtas caighdeánach cuntasaíochta Agus le coincheapa caighdeánacha cuntasaíochta agus mar go meaitseálann sí costais le hioncam.

(a)

Buiséad Díolachán	Micro	Excel	
Díolacháin a bhfuiltear ag súil leo in aonaid	11,000	6,500	
Praghas díola in aghaidh an aonaid a bhfuiltear ag súil leis	€240	€300	
Ioncam Díolachán Buiséadaithe	€2,640,000	€1,950,000	€4,590,000

Buiséad Táirgeachta	Micro Aonaid	Excel Aonaid	
Éilithe ag díolacháin	[6] 11,000	6,500	
Móide stoc deiridh (80% den stoc tosaigh)	[6] 640	440	
	11,640	6,940	
Lúide stoc tosaigh	[4] (800)	(550)	
Táirgeacht bhuiséadaithe in aonaid	<u>10,840</u>	<u>6,390</u>	

(b) **Buiséad Ceannachán Amhábhar**

	Ábhar X	Ábhar Y	
	Kg	Kg	
Éilithe ag táirgeacht -			
Micro (10,840 x 6)	65,040 [2]	54,200 [2]	(10,840 x 5)
Excel (6,390 x 4)	25,560 [2]	44,730 [2]	(6,390 x 7)
	90,600	98,930	
Móide stoc deiridh (80% den stoc tosaigh)	5,600 [2]	4,000 [2]	
	96,200	102,930	
Lúide stoc tosaigh	7,000 [2]	5,000 [2]	
Ceannacháin amhábhar atá éilithe i gcileagraim (Kg)	89,200	97,930	
Praghas Ceannacháin	€ [2]	€ [2]	
Costas ceannacháin	€178,400	€391,720	€570,120

(c) **Buiséad Costas Táirgeachta/Déantúsaíochta**

Costas na n-amhábhar a úsáideadh:	€	€	
Stoc tosaigh amhábhar			
X (7,000 x 1.80)	12,600		
Y (5,000 x 3.60)	18,000	30,600 [4]	
Ceannacháin (178,400 + 391,720)		570,120 [2]	
		600,720	
Lúide Stoc deiridh amhábhar			
X (5,600 x 2)	11,200		
Y (4,000 x 4)	16,000	(27,200) [4]	
		573,520	
Costas Saothair (10,840 x 7 x 12)	910,560		
(6,390 x 8 x 12)	613,440	1,524,000 [4]	
Forchostais athraitheacha (10,840 x 7 x 5)	379,400		
(6,390 x 8 x 5)	255,600	635,000 [4]	
Forchostais sheasta		180,400 [2]	
Costas déantúsaíochta		<u>2,912,920</u> [3]	

(d)

Cuntas Trádála Buiséadaithe				€
Díolacháin na n-earraí críochnaithe (2,640,000 + 1,950,000)				4,590,000 [2]
Stoc tosaigh na n-earraí críochnaithe				
Micro	(800 x 130)	104,000		
Excel	(550 x 150)	<u>82,500</u>	186,500 [2]	
Costas Déantúsaíochta			<u>2,912,920</u> [2]	
				3,099,420
Lúide Stoc deiridh na n-earraí críochnaithe				
Micro	(640 x 160)	102,400		
Excel	(440 x 184)	<u>80,960</u>	<u>(183,360)</u> [4]	<u>(2,916,060)</u>
Ollbhrabús				<u>1,673,940</u> [3]

(e)

[6]

Buiséad Airgid

Is é is Buiséad Airgid ann ná plean nó réamhaisnéis ina ndéantar achoimre ar na hinsreafaí airgid agus ar na heis-sreafaí airgid a bhfuiltear ag súil leo le linn tréimhse. Is é an cuntasóir bainistíochta nó an cuntasóir airgeadais a ullmhaíonn an buiséad seo.

Réamh-mheasfar i mbuiséad airgid na tréimhsí ina mbeidh barrachas airgid ag an eagraíocht agus cuirfidh sé ar a cumas infheistíochtaí gearrthéarmacha a shocrú.

Réamh-mheasfar i mbuiséad airgid na tréimhsí ina mbeidh easnaimh airgid ag an eagraíocht agus cuirfidh sé ar a cumas socruithe a dhéanamh le haghaidh iasachta nó rótharraingt.

Cabhróidh buiséid airgid le déanamh cinnte go mbíonn go leor cistí ar fáil i gcónaí le riachtanais laethúla an ghnólaigh a chomhlíonadh.

[2]

Príomhthoisic Bhuiséid: Cé is moite d'éileamh ar dhíolacháin, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith ar an bpríomhthoisic buiséid:

Fáil ar ábhair

Fáil ar shaothar

Cumas na monarchan

Fáil ar chaipiteal

Leathanach Bán

Leathanach Bán

